PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL DHÚN GÉAGÁIN

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Suíomh
Is sráidbhaile cois cósta atá i nDún Géagáin atá suite le hais an R566 ar Leithinis Uíbh Ráthaigh. Tá Baile an Sceilg, lena roinneann sé mórán seirbhísí, suite 1.5 km ó dheas. Cé gur tharla leibhéal áirithe forbartha idir an dá lonnaíocht le blianta beaga anuas is féidir féachaint fós orthu mar dhá lonnaíocht ar leith. Tá Dún Géagáin suite laistigh de Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh.

1.2 Daonra
Níl aon fhigiúirí ann do dhaonra shráidbhaile Dhún Géagáin féin. Tá sé suite laistigh de thoghroinn Bhaile an Sceilg. Tháinig laghdú beag ar an daonra sa Toghroinn seo idir 2002 agus 2006 ó 358 go dtí 355 duine. Mhéadaigh sé beagán i ndaonáireamh 2011 go dtí 372 duine.

1.3 Feidhmeanna agus Áiseanna
Is sráidbhaile tábhachtach é Dún Géagáin ar an *Skellig Ring*. I gcomparáid le Baile an Sceilg, tá Dún Géagáin ar an sráidbhaile is comhdhlúite den dá shráidbhaile le réimse níos leithne seirbhísí.
Tá réimse saoráidí sóisialta i nDún Géagáin ar a n-áirítear Séipéal Caitliceach, ionad cúraim lae, ionad pobail, áit súgartha le dromchla crua, teach tabhairne, siopa agus aonad tionsclaíoch a tháirgeann earraí tréidliachta. Níl aon siopa grósaera sa tsráidbhaile ach tá ceann suite timpeall 500 méadar ó thuaidh ón sráidbhaile ar an R566. Tá páirc imeartha an CLG áitiúil (Naomh Micheál) suite idir Dún Géagáin agus Baile an Sceilg.

1.4 Infreastruchtúr
Tá soláthar uisce poiblí ar fáil sa tsráidbhaile. Más gá é is féidir é a nascadh le, agus úsáid a bhaint as acmhainn bhreise Scéim an Choireáin.
Tá aonad cóireála príomhúil ag freastal ar an gceantar. Ní leor an córas atá ann faoi láthair ach níl aon phleananna maidir le huasghrádú ag an am seo.

1.5 Foirm Uirbeach
Is sráidbhaile traidisiúnta tuaithe atá i nDún Géagáin, le foirm líneach air le struchtúir scoite den chuid is mó gan líne socraithe tógála ann seachas stráice tarraingteach de shráid-dhreach an tsráidbhaile ó thuaidh ón séipéal. Dá ndéanfaí tuilleadh forbartha ar an sráid-dreach seo thabharfadh sé croílár níos sainithe agus struchtúr uirbeach don tsráidbhaile. Tá éagsúlacht ag baint le cineál na bhfoirgneamh sa tsráidbhaile ó thithe beaga traidisiúnta aon urláir go foirm níos nua-aimseartha shiopa Chill Rialaigh. Tá éagsúlacht ag baint le hairde na bhfoirgneamh ar fud an tsráidbhaile. Tá roinnt forbairtí nua ar chuma gráige sa tsráidbhaile a bhfuil an dearadh céanna orthu agus nach bhfuil ag teacht leis an seanfhoirm tógtha.

1.6 An Oidhreacht Tógtha agus Seandálaíochta
Níl aon Struchtúr atá faoi Chosaint taifeadta laistigh de limistéar an phlean atá beartaithe.

1.7 An Timpeallacht agus Taitneamhacht Nádúrtha
Tá Dún Géagáin suite ar thalamh íseal timpeall le 500 méadar ó chladach Chuan Bhaile an Sceilg. Tá an trá cóngrach don nód lonnaíochta. Tá an taobh thoir den sráidbhaile criosaithe mar Thaitneamhacht Tánaisteach Speisialta i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009–2015. Tá SAC Bhá Bhaile an Sceilg agus Inbhear na hUíne cóngrach do Dhún Géagáin.

1.8 Trácht Feithicleach agus Coisithe
Cruthaíonn trácht turasóireachta i gcaitheamh an tsamhraidh atmasféar gnóthach ach i gcaitheamh an gheimhridh is trácht áitiúil is mó a bhíonn ann toisc é a bheith iargúlta.

1.9 Fostaíocht
Is é an fostaí is mó sa tsráidbhaile ná *Ballinskelligs Veterinary Products*, ina bhfuil saotharlann den scoth agus a tháirgíonn earraí do mhargaí na hÉireann agus na Breataine. Soláthraítear fostaíocht eile sa bhunscoil agus san ionad pobail. Tá foirgneamh Údarás na Gaeltachta suite beagán ó thuaidh ar an R566.

1.10 An Ghaeltacht
Tá Dún Géagáin suite laistigh de cheantar Gaeltachta Uíbh Ráthaigh agus tá caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge riachtanach dá fhorbairt sa todhchaí. Meastar go gcuirfeadh athbheochan an coláiste Gaeilge leis an gceantar a bhfuil gá le fostaíocht agus ioncam ann.

1.11 Fás agus Forbairt Cónaithe

Críochnaíodh roinnt forbairtí tithíochta ar thaobh na farraige den phríomhshráid le blianta beaga anuas. Is é is dóichí go gceannófar na tithe seo mar thithe saoire. Críochnaíodh beagán teach aonair chun buanchónaithe thar an tréimhse céanna. Is mó go mór líon na dtithe saoire a tógadh le blianta beaga anuas seachas na tithe buanchónaithe a críochnaíodh.
Is cóngrach don chroílár uirbeach a tógadh na forbairtí nua tithíochta agus d'éirigh leo dlúthfhoirm uirbeach a choimeád.
Déanann an teorainn forbartha do Dhún Géagáin sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, roinnt athfhorbartha i lár an bhaile. Tá an teorainn forbartha socraithe den chuid is mó ag na gnéithe aiceanta agus ag ceisteanna infreastruchtúir. Is cuspóir sa phlean é spreagadh a thabhairt d'fhorbairt shráidbhaile le dlúthstruchtúir inbhuanaithe, ach a chinntiú go mbíonn an fhorbairt nua comhtheagmhálach leis an bhforbairt atá ann agus go mbaintear úsáid éifeachtach as suíomhanna talún cúil agus líonta isteach.

Beidh ar gach teach nua teacht leis na polasaithe lonnaíochta tuaithe atá sa Phlean Forbartha Contae.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is í an fhís fhoriomlán do Dhún Géagáin ná a dlúthfhoirm uirbeach a choimeád agus sráidbhaile beoga inbhuanaithe a fhorbairt ar áit tarraingteach é le cónaí ann agus le cuairt a thabhairt air. Ba chóir forbairt sa todhchaí a bheith domhain d'fhonn croílár láidir agus inaitheanta a chruthú don tsráidbhaile

Tá sé tábhachtach go gcoimeádfaí an tuath oscailte idir Dún Géagáin agus Baile an Sceilg. Is é atá mar straitéis forbartha do Dhún Géagáin forbairt níos orgánaí de réir a chéile air mar shráidbhaile tuaithe agus mar ionad turasóireachta ag teacht le leibhéal an tsoláthair infrastruchtúir. Bhain fás le blianta beaga anuas le hearnáil na dtithe saoire den chuid is mó.

Tá an sráidbhaile suite i gceantar Gaeltachta agus tá sé tábhachtach nach dtarlódh aon fhorbairt a dhéanfadh dochar do chur chun cinn na Gaeilge. Meastar go gcuirfeadh athbheochan an coláiste Gaeilge leis an gceantar a bhfuil gá le fostaíocht agus ioncam ann.

Ceadófar méid teoranta tithe le nascadh leis an gcóras cóireála atá ann, seachas sin déanfaidh gach forbairt de réir chaighdeáin an EPA maidir le cóireáil fuíolluisce.

Is í an straitéis forbartha don sráidbhaile ná:

- A chinntiú go dtacaíonn forbairt sa todhchaí le ról agus le feidhm an tsráidbhaile mar phointe beag teagmhála áitiúil do phobal na tuaithe máguaird agus ba chóir go dtógfaí ceann de scála na lonnaíochta atá ann agus de shuíomh an tsráidbhaile i dtírdhreach tarraingteach tuaithe.

- A chinntiú nach mbaineann forbairt ón taitneamhacht a dhéanann díol spéise turasóireachta den *Skellig Ring.*

- Úsáid na Gaeilge agus athbheochan an coláiste Gaeilge a chur chun cinn.

- A chinntiú go bhfreastlaíonn gach forbairt chónaithe laistigh den sráidbhaile sa todhchaí ar riachtanais mhuintir na háite ar mhian leo cónaí go buan sa cheantar.

- Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt asraon tráchtála/miondíola ag suíomh oiriúnach le freastal ar an bpobal áitiúil.

- Éascú a dhéanamh ar fhorbairt éiceathurasóireachta inbhuanaithe agus margaí eile nideoige in éineacht le cur go hinbhuanaithe le saoráidí agus éagsúlacht turasóireachta, mar fhoinse fostaíocht.

3.0 SAINCHUSPÓIRÍ

Cuspóir Uimh.	Spás Oscailte, Áineas agus Taitneamhacht Is cuspóir ag an gComhairle é:
A-1	Tailte a chur i leataobh d'fhorbairt fhaiche an tsráidbhaile faoi mar atá léirithe ar an léarscáil chriosaithe.

Cuspóir Uimh.	Áiseanna tráchtála/miondíola Is cuspóir ag an gComhairle é:
CR-1	Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt asraon tráchtála/miondíola ag suíomh oiriúnach le freastal ar an bpobal áitiúil.

Cuspóir Uimh.	Gaeltacht Uíbh Ráthaigh Is cuspóir ag an gComhairle é:
G-1	An Ghaeilge agus athbheochan an coláiste Gaeilge a chur chun cinn.